| | An Geall (le Liam Mac Uistín) | |
|---|---|---|
| 1. | Tar éis uair an chloig bhí seachtar fós roimhe sa scuaine. | |
| 2. | Chuaigh sé amach chun cainte leis an gcailín ag an deasc. | |
| 3. | ‘Tá an-deifir orm,’ a dúirt sé léi. | |
| 4. | ‘Ar mhiste leat iarraidh ar an dochtúir mise a ligean isteach anois?’ | |
| 5. | Stán an cailín air le dímheas. | |
| 6. | ‘Feiceann an dochtúir a chuid othar san ord a dtagann siad isteach. | |
| 7. | Níor tháinig do shealsa fós.’ | |
| 8. | Tharraing Colm nóta €50 (caoga euro) amach as a vallait agus shín sé chuici é. | |
| 9. | Shín sí an t-airgead ar ais chuige. | |
| 10. | ‘Más mian leat an dochtúir a fheiceáil ní mór duit d’áit a ghlacadh sa seomra feithimh.’ | |
| 11. | Sciob Colm an nóta uaithi, thug súil fhiata uirthi agus d’fhill ar an seomra feithimh. | |
| 12. | Shuigh sé síos go dubhach agus sháigh sé é féin in iris arís. | |
| 13. | Tar éis uair an chloig eile ghlaoigh an cailín air agus chuaigh sé isteach i seomra an dochtúra. | |
| 14. | Bhí an Dochtúir Ó Laochdha ina shuí ag a dheasc ag scríobh nótaí i leabhar. | |
| 15. | Shuigh Colm i gcathaoir lena ais. | |
| 16. | ‘Colm Ó Sé is ainm domsa.’ | |
| 17. | ‘Fan tamall!’ a dúirt an dochtúir go giorraisc. | |
| 18. | Bhí Colm chun a thuilleadh a rá ach mheas sé go mbeadh sé níos críonna fanacht ina thost. | |
| 19. | Tar éis tamaillín d’éirigh an dochtúir as an scríobhneoireacht agus chas sé chuig Colm. | |
| 20. | ‘Bhuel, cad tá ag déanamh imní duit?’ a d’fhiafraigh sé. | |
| 21. | ‘Nílim agam féin,’ a d’fhreagair Colm. | |
| 22. | Tá tinneas cinn orm agus níl mo ghoile thar mholadh beirte.’ | |
| 23. | ‘Bain díot do chóta agus oscail barr do léine.’ | |
| 24. | Rinne an dochtúir scrúdú air. | |
| 25. | Ansin shuigh sé siar agus stán sé go géar ar Cholm. | |
| 26. | ‘Cén aois tú?’ | |
| 27. | ‘Sé bliana is fiche.’ | |
| 28. | ‘Cén tslí bheatha atá agat?’ | |
| 29. | ‘Níl aon cheann agam.’ | |

| | An Geall (le Liam Mac Uistín) | The Promise (by Liam Mac Uistín) |
|---|---|---|
| 1. | **Tar éis uair an chloig bhí seachtar fós roimhe sa scuaine.** | **After an hour there were seven people still before him in the line.** |

| Basic Number | Counting Cups | Counting Things | Counting People | English |
|---|---|---|---|---|
| aon | cupán amháin | ceann amháin | duine amháin | one |
| dó | dhá chupán | dhá cheann | beirt | two |
| trí | trí chupán | trí cinn | triúr | three |
| ceathair | ceithre chupán | ceithre cinn | ceathrar | four |
| cúig | cúig chupán | cúig cinn | cúigear | five |
| sé | sé chupán | sé cinn | seisear | six |
| seacht | seacht gcupán | seacht gcinn | seachtar | seven |
| ocht | ocht gcupán | ocht gcinn | ochtar | eight |
| naoi | naoi gcupán | naoi gcinn | naonúr | nine |
| deich | deich gcupán | deich gcinn | deichniúr | ten |
| aon déag | aon chupán déag | aon cheann déag | aon duine déag | eleven |
| dó dhéag | dhá chupán déag | dhá cheann déag | dháréag | twelve |
| trí déag | trí chupán déag | trí cinn déag | trí duine déag | thirteen |

| | | |
|---|---|---|
| 2. | **Chuaigh sé amach chun cainte leis an gcailín ag an deasc.** | **He went out to talk with the girl at the desk.** |
| | a. Chuaigh sé amach chun cainte léi. | He went out to speak with her. |
| | b. Chuaigh sé amach chun labhartha léi. | He came out to talk with her. |
| 3. | **‘Tá an-deifir orm,’ a dúirt sé léi.** | **‘I’m an a great hurry,’ he said to her.** |
| 4. | **‘Ar mhiste leat iarraidh ar an dochtúir mise a ligean isteach anois?’** | **‘Would you mind asking the doctor to let me in now?’** |
| | a. Ar mhiste leat é seo a dhéanamh? | Would you mind doing this? |
| | b. Níor mhiste. | No [I wouldn’t mind]. |
| | c. Iarr air teacht anseo. | Ask him to come here. |
| | d. Tá mé ag iarraidh dul amach. | I want to go out. |
| 5. | **Stán an cailín air le dímheas.** | **The girl stared at him with contempt.** |
| 6. | **‘Feiceann an dochtúir a chuid othar san ord a dtagann siad isteach.** | **‘The doctor sees his patients in the order that they come in.** |
| 7. | **Níor tháinig do shealsa fós.’** | **Your turn didn’t come yet.’** |
| 8. | **Tharraing Colm nóta €50 (caoga euro) amach as a vallait agus shín sé chuici é.** | **Colm pulled out a €50 note from his wallet and handed it to her.** |
| 9. | **Shín sí an t-airgead ar ais chuige.** | **She handed the money back to him.** |
| 10. | **‘Más mian leat an dochtúir a fheiceáil ní mór duit d’áit a ghlacadh sa seomra feithimh.’** | **‘If you want to see the doctor, you have to take your place in the waiting room.’** |
| 11. | **Sciob Colm an nóta uaithi, thug súil fhiata uirthi agus d’fhill ar an seomra feithimh.** | **Colm snatched the note from her, gave her a wild glance and returned to the waiting room.** |
| | a. ag feitheamh / an seomra feithimh | waiting / the waiting room |
| | b. an teaghlach / an seomra teaghlaigh | the family / the family room |
| | c. an dochtúir / seomra an dochtúra | the doctor / the doctor’s room |
| | d. an múinteoir / seomra an mhúinteora | the teacher / the teacher’s room |
| 12. | **Shuigh sé síos go dubhach agus sháigh sé é féin in iris arís.** | **He sat down gloomily and buried himself in a magazine again.** |

| | An Geall (le Liam Mac Uistín) | The Promise (by Liam Mac Uistín) |
|---|---|---|
| 13. | **Tar éis uair an chloig eile ghlaoigh an cailín air agus chuaigh sé isteach i seomra an dochtúra.** | **After another hour the girl called him and he went into the doctor's room.** |
| 14. | **Bhí an Dochtúir Ó Laochdha ina shuí ag a dheasc ag scríobh nótaí i leabhar.** | **Doctor O'Laochdha was sitting at his desk writing notes in a book.** |
| 15. | **Shuigh Colm i gcathaoir lena ais.** | **Colm sat in a chair next to him.** |
| 16. | **'Colm Ó Sé is ainm domsa.'** | **'My name is Colm O'Shea.'** |
| 17. | **'Fan tamall!' a dúirt an dochtúir go giorraisc.** | **'Wait a minute!' said the doctor to him bruskly.** |
| 18. | **Bhí Colm chun a thuilleadh a rá ach mheas sé go mbeadh sé níos críonna fanacht ina thost.** | **Colm was going to say more, but he thought that it would be more prudent to remain silent.** |
| | a. Ar mhaith leat a thuilleadh? | Would you like some more? |
| | b. Ní ithim feoil a thuilleadh. | I don't eat meat any more. |
| | c. Bí i do thost! | Be quiet! |
| 19. | **Tar éis tamaillín d'éirigh an dochtúir as an scríbhneoireacht agus chas sé chuig Colm.** | **After a little while, the doctor stopped writing and turned towards Colm.** |
| | a. D'éirigh sé ag a seacht a chlog. | He got up at seven o'clock. |
| | b. D'éirigh sé tuirseach. | He got tired. |
| | c. D'éirigh leis sa scrúdú. | He did well in the exam. |
| | d. D'éirigh sé as a phost. | He quit his job. |
| 20. | **'Bhuel, cad tá ag déanamh imní duit?' a d'fhiafraigh sé.** | **'Well, what's bothering you?' he asked.** |
| 21. | **'Nílim agam féin,' a d'fhreagair Colm.** | **'I'm not myself,' answered Colm.** |
| 22. | **Tá tinneas cinn orm agus níl mo ghoile thar mholadh beirte.'** | **I have a headache and my appetite's not too great.** |
| | a. thar mholadh beirte | Great [past the praise of two people] |
| 23. | **'Bain díot do chóta agus oscail barr do léine.'** | **'Take off your coat and open the top of your shirt.'** |
| 24. | **Rinne an dochtúir scrúdú air.** | **The doctor examined hime.** |
| 25. | **Ansin shuigh sé siar agus stán sé go géar ar Cholm.** | **Then he sat back and stared sharply at Colm.** |
| 26. | **'Cén aois tú?'** | **'How old are you?'** |
| 27. | **'Sé bliana is fiche.'** | **'Twenty six years old.'** |
| | a. Tá sé aon bhliain d'aois. | He's one year old. |
| | b. Tá sé dhá bhliain d'aois. | He's two years old. |
| | c. Tá sé trí bliana d'aois. | He's three years old. |
| | d. Tá sé seacht mbliana d'aois. | He's seven years old. |
| | e. Tá sé trí bliana déag d'aois. | He's thirteen years old. |
| | f. Tá sé fiche bliana d'aois. | He's twenty years old. |
| | g. Tá sé ocht mbliana is fiche d'aois. | He's twenty eight years old. |
| | h. Tá sé seacht mbliana is caoga d'aois. | He's fifty seven years old. |
| | i. Tá sé ceithre bliana is dhá scór d'aois. | He's forty four years old. |
| 28. | **'Cén tslí bheatha atá agat?'** | **'What job do you have?'** |
| 29. | **'Níl aon cheann agam.'** | **'I don't have one.'** |